II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/643 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Feabhra 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidicídí, ceimiceán tionsclaíoch, truailleán orgánach marthanach agus mearcair agus le nuashonrú ar chóid chustaim

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(4), pointí (a), (b), (c) agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, cuirtear i bhfeidhm Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceáin ghuaiseacha agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta ([2]) ("Coinbhinsiún Rotterdam").

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 60.
([2]) IO L 63, 6.3.2003, lch. 29.

(2) Trí Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1280 ([3]), (AE) 2020/892 ([4]), (AE) 2020/1276 ([5]), (AE) 2020/18 ([6]), (AE) 2020/17 ([7])., (AE) 2020/1246 ([8]), (AE) 2020/2087 ([9]), (AE) 2019/1606 ([10]), (AE) 2020/23 ([11]) agus (AE) 2020/1498 ([12]), chinn an Coimisiún gan athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substaintí beanalaicsil, béite-ciafluitrin, brómocsainil, clóirpireafos, clóirpireafos-meitil, feanaimíofos, mancóiseib, meitiacarb, tiaclóiprid agus tiafanáit-meitil, faoi seach, mar shubstaintí gníomhacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]). Is é éifeacht na ngníomhaíochtaí rialála críochnaitheacha sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid na substaintí sin sa chatagóir "lotnaidicídí", ós rud é nár formheasadh iad le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart na substaintí sin a chur le liostaí na gceimiceán i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1280 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí beanalaicsil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 301, 15.9.2020, lch. 4).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/892 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí béite-ciafluitrin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 206, 30.6.2020, lch. 5).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1276 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí brómocsainil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 300, 14.9.2020, lch. 32).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/18 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí clóirpireafos, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 7, 13.1.2020, lch. 14).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/17 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí clóirpireafos-meitil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 7, 13.1.2020, lch. 11).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1246 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí feanaimíofos, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 288, 3.9.2020, lch. 18).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2087 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí mancóiseib, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 423, 15.12.2020, lch. 50).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1606 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2019 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí meitiacarb, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 250, 30.9.2019, lch. 53).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/23 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí tiaclóiprid, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 8, 14.1.2020, lch. 8).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1498 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí tiafanáit-meitil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 342, 16.10.2020, lch. 5).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

(3) Tharraing an tionscal siar na substaintí gníomhacha eapocsaconasól agus meiceapróp ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid na substaintí sin sa chatagóir "lotnaidicídí", ós rud é nár formheasadh iad le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe na substaintí eapocsaconasól agus meiceapróp faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine agus an comhshaol iad na substaintí sin. Dá bhrí sin, ba cheart eapocsaconasól agus meiceapróp a chur le liostaí na gceimiceán i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(4) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach défheintrin ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid défheintrine san fhochatagóir "lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí". Tá an toirmeasc sin ina shrian mór ar úsáid na substainte sin ar leibhéal na catagóire "lotnaidicídí" de bhrí, faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), nach bhformheastar úsáid défheintrine i dtáirgí bithicídeacha ach amháin le haghaidh chineál táirge 8 san fhochatagóir "lotnaidicíd eile lena n-áirítear bithicídí" agus nach ann d'údaruithe náisiúnta maidir le húsáid táirgí bithicídeacha ina bhfuil défheintrin faoin Rialachán sin. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe défheintrin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine agus leis an gcomhshaol é an tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart défheintrin a chur le liostaí na gceimiceán i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(5) Trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1251 ([16]), chinn an Coimisiún gan eimpeintrin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht na gníomhaíochta rialála críochnaithí sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid eimpeintrine i gcatagóir na "lotnaidicídí", ós rud é nár formheasadh é le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart eimpeintrin a chur le liostaí na gceimiceán i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(6) Tharraing an tionscal siar na substaintí gníomhacha aisíonfos-eitil, fearbam agus heicsisíonón ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid na substaintí sin i gcatagóir na "lotnaidicídí", ós rud é nár formheasadh iad le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart aisíonfos-eitil, fearbam agus heicsisíonón a chur le liostaí na gceimiceán i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(7) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach meitimil ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid meitimile san fhochatagóir "lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí". Tá an toirmeasc sin ina shrian mór ar úsáid na substainte ar leibhéal na catagóire "lotnaidicídí", de bhrí nár formheasadh meitimil le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart meitimil a chur le liostaí na gceimiceán i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(8) Liostaítear na substaintí 2,4- dénítreatolúéin (2,4-DNT) agus 4,4'-dé-aimínidhéfheinilmeatán (MDA) in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]) toisc gur sainaithníodh iad cheana mar shubstaintí arb údar an-mhór imní iad. Dá thoradh sin, tá na substaintí sin faoi réir a n-údaraithe i gcomhréir le Teideal VII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Ós rud é nár deonaíodh aon údaruithe, tá úsáid thionsclaíoch 2,4- dénítreatolúéine (2,4-DNT) agus 4,4'-dé-aimínidhéfheiniolaimín (MDA) faoi shrian mór. Dá bhrí sin, ba cheart na substaintí sin a chur le liostaí na gceimiceán i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([14]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([15]) Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

([16]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1251 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2018 gan eimpeintrin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (IO L 235, 19.9.2018, lch. 24).

([17]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

(9) Tá srian ar úsáid na substainte mearcair faoi Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, faoi Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]) agus faoi Threoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), rud a fhágann go bhfuil srian mór ar úsáid mearcair i gcomhair na húsáide tionsclaíche uile. Dá bhrí sin, ba cheart mearcair a chur le liostaí na gceimiceán i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(10) Tá srian mór ar úsáid na substainte caidmiam agus a comhdhúile faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 san fhochatagóir "ceimiceán tionsclaíoch d'úsáid phoiblí". Tá an srian sin ina shrian mór ar úsáid na substainte ar leibhéal na catagóire "ceimiceáin thionsclaíocha" de bhrí go bhfuil srian mór ar chaidmiam agus ar a chomhdhúile san fhochatagóir "ceimiceán tionsclaíoch d'úsáid ghairmiúil" freisin. Dá bhrí sin, ba cheart caidmiam agus a chomhdhúile a chur le liostaí na gceimiceán i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(11) Tá srian mór ar úsáid na substainte luaidhe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 san fhochatagóir "ceimiceán tionsclaíoch d'úsáid phoiblí". Dá bhrí sin, ba cheart luaidhe a chur le liostaí na gceimiceán i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 le haghaidh na fochatagóire sin.

(12) Tá srian mór ar úsáid beinséine mar chomhábhar i substaintí eile faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 san fhochatagóir "ceimiceán tionsclaíoch d'úsáid phoiblí". Dá bhrí sin, ba cheart beinséin mar chomhábhar i substaintí eile a chur le liostaí na gceimiceán i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 don fhochatagóir sin.

(13) Maidir leis na substaintí éitear bis(peinteabrómaidhéfheinil) (deacaBDE) agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara, tá srian mór lena n-úsáid i gcomhair na húsáide tionsclaíche uile faoi Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]). Dá bhrí sin, ba cheart na substaintí sin a chur le liosta na gceimiceán i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(14) Trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1506 ([22]), chinn an Coimisiún athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substainte gníomhaí hiodraisíd mhailéach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rud a fhágann nach bhfuil toirmeasc a thuilleadh ar hiodraisíd mhailéach agus a salainn choilín, photaisiam agus sóidiam a úsáid san fhochatagóir "lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí". Dá bhrí sin, ba cheart na substaintí sin a bhaint de liosta na gceimiceán i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(15) Ag a séú cruinniú a tionóladh ón 28 Aibreán go dtí an 10 Bealtaine 2013, chinn Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Rotterdam éitear peinteabrómaidhéfheinile tráchtála, lena n-áirítear éitear teitrea- agus peinteabróm-aidhéfheinile, chomh maith le héitear ochtabrómaidhéfheinile tráchtála, lena n-áirítear éitear heicsea- agus heipteabrómaidhéfheinile, a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, rud a d'fhág na ceimiceáin sin faoi réir an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach roimh ré faoin gCoinbhinsiún sin. Dá thoradh sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2229 ón gCoimisiún ([23]) cuireadh na ceimiceáin sin le liosta na gceimiceán i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Chun éascú a dhéanamh ar an liostú sin a chur chun feidhme agus go háirithe ar fhógraí onnmhairíochta maidir le hearraí áirithe a chur isteach, ba cheart na ceimiceáin sin a liostú i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([18]) Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1).

([19]) Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir leis an srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 174, 1.7.2011, lch. 88).

([20]) Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola agus lena n-aisghairtear Treoir 91/157/CEE (IO L 266, 26.9.2006, lch. 1).

([21]) Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1506 ón gCoimisiún an 28 Lúnasa 2017 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí hiodraisíd mhailéach a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 222, 29.8.2017, lch. 21).

([23]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2229 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2015 lena n-aisghairtear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú (IO L 317, 3.12.2015, lch. 13).

(16) Leis an iontráil i dtaobh éitear ochtabrómaidhéfheinile tráchtála i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 cumhdaítear freisin an tsubstaint éitear ochtabhrómaidhéfheinile a liostaítear i gCuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart éitear ochtabrómaidhéfheinile a baint de liostaí na gceimiceán i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(17) Ag a naoú cruinniú a tionóladh ón 29 Aibreán go dtí an 10 Bealtaine 2019, chinn Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Marthanacha ("Coinbhinsiún Stócólm") an tsubstaint déchófól a chuimsiú in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Dá thoradh sin, liostaíodh an tsubstaint sin i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 agus dá bhrí sin ba cheart í a chur le liosta na gceimiceán i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ós rud é go bhfuil toirmeasc, gan aon díolúine, ar shubstaint a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 a onnmhairiú, níl gá a thuilleadh le liostú déchófól i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin agus ba cheart an liostú sin a bhaint.

(18) Ag a naoú cruinniú a tionóladh ón 29 Aibreán go dtí an 10 Bealtaine 2019, chinn Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Stócólm an tsubstaint aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a chuimsiú in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, cé is moite de roinnt eisceachtaí, agus oibleagáid a bheith ar pháirtithe toirmeasc a chur ar onnmhairiú cúr múchta dóiteáin ina bhfuil na ceimiceáin sin. Dá thoradh sin, liostaíodh aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur le liosta na gceimiceán i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 a mhéid a bhaineann le hiad a bheith i gcúir múchta dóiteáin.

(19) Ag a seachtú cruinniú a tionóladh ón 4 go dtí an 15 Bealtaine 2015, chinn Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Stócólm na substaintí peinteaclóraifeanól agus a shalainn agus a eistir a chuimsiú in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Dá thoradh sin, liostaíodh na substaintí sin i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur le liosta na gceimiceán i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(20) Ag a ceathrú cruinniú a tionóladh ón 4 go dtí an 8 Bealtaine 2009, chinn Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Stócólm na substaintí aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (PFOS) agus a shalainn agus fluairíd sulfóinile sárfhluarochtáin a chuimsiú in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Leasaíodh an iontráil sin ina dhiaidh sin le Cinneadh SC-9/4 in 2019. Liostaítear na substaintí sin i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur le liosta na gceimiceán i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(21) I gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, tá iontráil maidir le hearraí, ina bhfuil tiúchain 0,1 % nó os a chionn de réir meáchain d'éitear teitrea-, peintea-, heicsea- agus heipteabrómaidhéfheinile, arna dtáirgeadh i bpáirt nó ina n-iomláine as ábhair athchúrsáilte nó as ábhair ó dhramhaíl arna n-ullmhú i gcomhair athúsáide. Tá an iontráil sin bunaithe ar shrian a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]). Le Rialachán (AE) 2019/1021, leasaíodh na forálacha a bhaineann leis na substaintí sin, sa chaoi is go laghdaítear na tiúchain a cheadaítear in earraí agus go gcuirtear éitear deacabróm-aidhéfheinile leis an liosta d'éitir dhéfheinile pholabróimínithe. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(22) Le Rialachán (AE) 2017/852, toirmeasctar iad seo a leanas a onnmhairiú: mearcair, meascáin áirithe de mhearcair miotalach agus substaintí eile, comhdhúile mearcair áirithe agus táirgí áirithe ar cuireadh mearcair leo. Ba cheart na toirmisc onnmhairíochta sin a léiriú i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(23) De bhun Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, ceanglaítear ar an gCoimisiún an t-aicmiú ar gach ceimiceán a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a athbhreithniú i bhfianaise aon athruithe arna ndéanamh ar Chóras Comhchuibhithe Ainmníochta na hEagraíochta Domhanda Custaim nó in Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh. Athraíodh roinnt aicmiúcháin ceimiceán in Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ó cuireadh na ceimiceáin siúd le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú san Iarscríbhinn sin.

([24]) Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha agus lena leasaítear Treoir 79/117/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 7).

(24) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 a leasú dá réir.

(25) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach a thabhairt do pháirtithe leasmhara chun na bearta is gá a ghlacadh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus do Bhallstáit chun na bearta is gá a ghlacadh chun é a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 mar a leanas:

(a) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(b) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN I

LIOSTA CEIMICEÁN

(dá dtagraítear in Airteagal 7)

CUID 1

Liosta ceimiceán atá faoi réir an nós imeachta um fhógra onnmhairíochta a thabhairt

(dá dtagraítear in Airteagal 8)

Ba chóir a thabhairt faoi deara, i gcás ina mbeidh ceimiceáin a liostaítear sa chuid seo den Iarscríbhinn faoi réir an nós imeachta PIC, nach mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí maidir le fógra onnmhairíochta a thabhairt a leagtar amach in Airteagal 8(2), (3) agus (4) ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(6), an chéad fhomhír, pointí (b) agus (c). Déantar ceimiceáin den sórt sin, a aithnítear leis an tsiombail '#' sa liosta thíos, a liostú arís i gCuid 3 den Iarscríbhinn seo ar mhaithe le tagairt dóibh a éascú.

Ba cheart a thabhairt faoi deara chomh maith, i gcás ina mbeidh na ceimiceáin a liostaítear sa chuid seo den Iarscríbhinn incháilithe d'fhógra PIC toisc cineál ghníomh rialála críochnaitheach an Aontais, go liostaítear na ceimiceáin sin chomh maith i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo. Aithnítear ceimiceáin den sórt sin leis an tsiombail '+' sa liosta thíos.

Ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. CE	Cód AC (***)	Fochatagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)	Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith
1,1-Déchlóireitéin	75-35-4	200-864-0	ex 2903 29 00	i(2)	sr	
1,1,1-Tríchlóireatán	71-55-6	200-756-3	ex 2903 19 00	i(2)	b	
1,1,2-Tríchlóireatán	79-00-5	201-166-9	ex 2903 19 00	i(2)	sr	
1,1,1,2-Teitreaclóireatán	630-20-6	211-135-1	ex 2903 19 00	i(2)	sr	
1,1,2,2-Teitreaclóireatán	79-34-5	201-197-8	ex 2903 19 00	i(2)	sr	
1,2-Débhróimeatán (Débhróimíd eitiléine) (#)	106-93-4	203-444-5	ex 2903 62 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
1,2-Déchlóireatán (déchlóiríd eitiléine) (#)	107-06-2	203-458-1	ex 2903 15 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
				i(2)	b	
1,3-Déchlórapróipéin (1) (+)	542-75-6	208-826-5	ex 2903 29 00	p(1)	b	
1,3-Déchlórapróipéin (cis) ((Z)-1,3-déchlórapróipéin)	10061-01-5	233-195-8	ex 2903 29 00	p(1)-p(2)	b-b	

2-Aimíneabútán	13952-84-6	237-732-7	ex 2921 19 99	p(1)-p(2)	b-b	
2-Naiftiolaimín agus a shalainn (+)	91-59-8 553-00-4 612-52-2 agus cinn eile	202-080-4 209-030-0 210-313-6 agus cinn eile	ex 2921 45 00	i(1)-i(2)	b-b	
Aigéad 2-naiftiolocsaicéiteach (+)	120-23-0	204-380-0	ex 2918 99 90	p(1)	b	
2,4-Dénítreatolúéin (2,4 DNT) (+)	121-14-2	204-450-0	ex 2904 20 00	i(1)-i(2)	sr-b	
2,4,5-T agus a shalainn agus a eistir (#)	93-76-5 agus cinn eile	202-273-3 agus cinn eile	ex 2918 91 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
3-Deicéin-2-ón (+)	10519-33-2	234-059-0	ex 2914 19 90	p(1)	b	
4-Aimínidhéfheinil (défheinil-4-aimín) agus a salainn (+)	92-67-1 2113-61-3 agus cinn eile	202-177-1 agus cinn eile	ex 2921 49 00	i(1)-i(2)	b-b	
4-Nítridhéfheinil (+)	92-93-3	202-204-7	ex 2904 20 00	i(1)-i(2)	b-b	
4,4'-Dé-aimínidhéfheinilmeatán (MDA) (+)	101-77-9	202-974-4	ex 2921 59 90	i(1)-i(2)	sr-b	
5-Treas-búitil-2,4,6-trínítrea-m-xiléin (+)	81-15-2	201-329-4	ex 2904 20 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Aicéafáit (+)	30560-19-1	250-241-2	ex 2930 90 98	p(1)-p(2)	b-b	
Aicéiteaclór (+)	34256-82-1	251-899-3	ex 2924 29 70	p(1)	b	
Aigéafluairfein	50594-66-6	256-634-5	ex 2918 99 90	p(1)-p(2)	b-b	
Alaclór (#)	15972-60-8	240-110-8	ex 2924 25 00	p(1)	b	
Aldacarb (#)	116-06-3	204-123-2	ex 2930 80 00	p(1)-p(2)	b-b	
Aimeitrin	834-12-8	212-634-7	ex 2933 69 80	p(1)-p(2)	b-b	
Aimíotras (+)	33089-61-1	251-375-4	ex 2925 29 00	p(1)-p(2)	b-b	
Aimiotról (+)	61-82-5	200-521-5	ex 2933 99 80	p(1)	b	
Antracuineon (+)	84-65-1	201-549-0	ex 2914 61 00	p(1)-p(2)	b-b	
Comhdhúile arsanaice				p(2)	sr	

Snáithíní Aispeiste (+):	1332-21-4 agus cinn eile		ex 2524 90 00			Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Achtainilít (#)	77536-66-4		ex 2524 90 00	i	b	
Antaifillít (#)	77536-67-5		ex 2524 90 00	i	b	
Amaisít (#)	12172-73-5		ex 2524 90 00	i	b	
Croicidilít (#)	12001-28-4		ex 2524 10 00	i	b	
Treimilít (#)	77536-68-6		ex 2524 90 00	i	b	
Crisitíl (+)	12001-29-5, 132207-32-0		ex 2524 90 00	i	b	
Asúlam (+)	3337-71-1 2302-17-2	222-077-1 218-953-8	ex 2935 90 90	p(1)	b	
Atraisín (+)	1912-24-9	217-617-8	ex 2933 69 10	p(1)	b	
Aisíonfos-eitil (+)	2642-71-9	220-147-6	ex 2933 99 80	p(1)-p(2)	b-b	
Aisíonfos-meitil (#)	86-50-0	201-676-1	ex 2933 92 00	p(1)	b	
Asaicioglaitin (+)	41083-11-8	255-209-1	ex 2933 99 80	p(1)	b	
Beanalaicsil (+)	71626-11-4	275-728-7	ex 2924 29 70	p(1)	b	
Beanfúracarb (+)	82560-54-1		ex 2932 99 00	p(1)	b	
Beansultap	17606-31-4		ex 2930 90 98	p(1)-p(2)	b-b	
Beinséin (2)	71-43-2	200-753-7	ex 2902 20 00 ex 2707 10 00	i(2)	sr	
Beinséin mar chomhábhar de shubstaintí eile i dtiúchain atá cothrom le 0.1 % nó níos mó, de réir meáchain (2)			ex 2707 10 00	i(2)	sr	
Beinsidín agus a shalainn (+)	92-87-5	202-199-1	ex 2921 59 90	i(1)-i(2)	sr-b	
Díorthaigh bheinsidín (+)	36341-27-2 agus cinn eile	252-984-8 agus cinn eile		i(2)	b	
Taláit bhúitile bheinsile (+)	85-68-7	201-622-7	ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Béite-ciafluitrin (+)	1820573-27-0		ex 2926 90 70	p(1)	b	

Béite-cipirmeitrin (+)	65731-84-2	265-898-0	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Défheintrin (+)	82657-04-3		ex 2916 20 00	p(1)-p(2)	b-sr	
Dénapaicril (#)	485-31-4	207-612-9	ex 2916 16 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
				i(2)	b	
Éitear bis(peantabrómaifeinil) (+)	1163-19-5	214-604-9	ex 2909 30 38	i(1)-i(2)	sr-b	
Déthreasanól (+)	55179-31-2	259-513-5	ex 2933 99 80	p(1)	b	
Brómocsainil (+)	1689-84-5 3861-41-4 56634-95-8 1689-99-2	216-882-7 223-374-9 260-300-4 216-885-3	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Bútrailin (+)	33629-47-9	251-607-4	ex 2921 49 00	p(1)	b	
Caidmiam agus a chomhdhúile (+)	7440-43-9 agus cinn eile	231-152-8 agus cinn eile	ex 8112 agus cinn eile	i(1)-i(2)	sr-sr	
Cadúsafos (+)	95465-99-9		ex 2930 90 98	p(1)	b	
Cailciféaról	50-14-6	200-014-9	ex 2936 29 00	p(1)	b	
Captafól (#)	2425-06-1	219-363-3	ex 2930 80 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Carbairil (+)	63-25-2	200-555-0	ex 2924 29 70	p(1)-p(2)	b-b	
Cairbeandaisim	10605-21-7	234-232-0	ex 2933 99 80	p(1)	b	
Carbófúrán (#)	1563-66-2	216-353-0	ex 2932 99 00	p(1)	b	
Teitreaclóiríd charbóin	56-23-5	200-262-8	ex 2903 14 00	i(2)	b	
Carbasulfán (+)	55285-14-8	259-565-9	ex 2932 99 00	p(1)	b	
Cartap	15263-53-3		ex 2930 20 00	p(1)-p(2)	b-b	
Cinimeitianat	2439-01-2	219-455-3	ex 2934 99 90	p(1)-p(2)	b-b	
Clóráit (+)	7775-09-9 10137-74-3 7783-92-8 agus cinn eile	231-887-4 233-378-2 232-034-9 agus cinn eile	ex 2829 11 00 ex 2829 19 00 ex 2843 29 00	p(1)	b	

Clóirdhémheaform (#)	6164-98-3	228-200-5	ex 2925 21 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Clóirfeinipir (+)	122453-73-0		ex 2933 99 80	p(1)	b	
Clóirfeinveanfos	470-90-6	207-432-0	ex 2919 90 00	p(1)-p(2)	b-b	
Clóirmeafos	24934-91-6	246-538-1	ex 2930 90 98	p(1)-p(2)	b-b	
Clóraibeinsíoláit (#)	510-15-6	208-110-2	ex 2918 18 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Clóraform	67-66-3	200-663-8	ex 2903 13 00	i(2)	b	
Clóraipicrin (+)	76-06-2	200-930-9	ex 2904 91 00	p(1)	b	
Clóratailinil (+)	1897-45-6	217-588-1	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Clórprófam (+)	101-21-3	202-925-7	ex 2924 29 70	p(1)	b	
Clóirpireafos (+)	2921-88-2	220-864-4	ex 2933 39 99	p(1)	b	
Clóirpireafos-meitil (+)	5598-13-0	227-011-5	ex 2933 39 99	p(1)	b	
Clórtal-démheitil (+)	1861-32-1	217-464-7	ex 2917 39 95	p(1)	b	
Clósailionáit (+)	84332-86-5	282-714-4	ex 2934 99 90	p(1)-p(2)	b-b	
Colacailciféaról	67-97-0	200-673-2	ex 2936 29 00	p(1)	b	
Ciniodón-eitil (+)	142891-20-1		ex 2925 19 95	p(1)	b	
Clóitiainídin (+)	210880-92-5	433-460-1	ex 2934 10 00	p(1)	b	
Cúmafúiril	117-52-2	204-195-5	ex 2932 20 90	p(1)-p(2)	b-b	
Créasóid agus substaintí gaolmhara	8001-58-9	232-287-5	ex 2707 91 00 ex 3807 00 90			
	61789-28-4	263-047-8	ex 2707 91 00			
	84650-04-4	283-484-8	ex 2707 40 00 ex 2707 50 00			
	90640-84-9	292-605-3	ex 2707 91 00			
	65996-91-0	266-026-1	ex 3807 00 90 ex 2707 99 19	i(2)	b	

	90640-80-5 65996-85-2 8021-39-4 122384-78-5	292-602-7 266-019-3 232-419-1 310-191-5	ex 2707 99 20 ex 2707 99 80 ex 3807 00 90 ex 3807 00 90			
Crimidín	535-89-7	208-622-6	ex 2933 59 95	p(1)	b	
Cianaimíd	420-04-2	206-992-3	ex 2853 90 90	p(1)	b	
Cianaisín	21725-46-2	244-544-9	ex 2933 69 80	p(1)-p(2)	b-b	
Ciabúitrín (+)	28159-98-0	248-872-3	ex 2933 69 80	p(2)	b	
Cioglanailíd (+)	113136-77-9	419-150-7	ex 2924 29 70	p(1)	b	
Ciafluitrin	68359-37-5	269-855-7	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Ciahalaitrín	68085-85-8	268-450-2	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Ciaiheicsitin (+)	13121-70-5	236-049-1	ex 2931 90 00	p(1)	b	
DBB (Dé-μ-ocsó-dé-n-búitiolstána-hiodrocsabórán/dé-ocsastánabóratan-4-ól)	75113-37-0	401-040-5	ex 2931 90 00	i(1)	b	
Deismeideafam (+)	13684-56-5	237-198-5	ex 2924 29 70	p(1)	b	
Peantocsaíd dé-arsanaice (+)	1303-28-2	215-116-9	ex 2811 29 90	i(1)-i(2)	sr-b	
Dé-aisionón (+)	333-41-5	206-373-8	ex 2933 59 10	p(1)	b	
Comhdhúile tríbhúitiltine	683-18-1 77-58-7 1067-33-0 agus cinn eile	211-670-0 201-039-8 213-928-8 agus cinn eile	ex 2931 90 00	i(2)	sr	
Déchlóibeinil (+)	1194-65-6	214-787-5	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Déchlórán (+)	99-30-9	202-746-4	ex 2921 42 00	p(1)	b	
Déchlórvos (+)	62-73-7	200-547-7	ex 2919 90 00	p(1)-p(2)	b-b	
Clóiríd dédheicildémheitiolamóiniam	7173-51-5	230-525-2	ex 2923 90 00	p(1)	b	
Taláit dhé-iseabúitile (+)	84-69-5	201-553-2	ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Démheitéanaimíd (+)	87674-68-8		ex 2934 99 90	p(1)	b	

Démheatóáit (+)	60-51-5	200-480-3	ex 2930 90 98	p(1)	b	
Déníoconasól-M (+)	83657-18-5		ex 2933 99 80	p(1)	b	
Dénítrea-orta-créasól (DNOC) agus a shalainn (salann amóiniam, salann potaisiam agus salann sóidiam, mar shampla) (#)	534-52-1 2980-64-5 5787-96-2 2312-76-7	208-601-1 221-037-0 219-007-7	ex 2908 92 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Dineabútón	973-21-7	213-546-1	ex 2920 90 10	p(1)-p(2)	b-b	
Diniseib agus a salainn agus a heistir (#)	88-85-7 agus cinn eile	201-861-7 agus cinn eile	ex 2908 91 00 ex 2915 36 00	p(1)-p(2) i(2)	b-b b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Diniteirb (+)	1420-07-1	215-813-8	ex 2908 99 00	p(1)-p(2)	b-b	
Comhdhúile dé-ochtailtin	3542-36-7 870-08-6 16091-18-2 agus cinn eile	222-583-2 212-791-1 240-253-6 agus cinn eile	ex 2931 90 00	i(2)	sr	
Défheiniolaimín (+)	122-39-4	204-539-4	ex 2921 44 00	p(1)	b	
Déchuat, lena n-áirítear débhróimíd déchuait (+)	2764-72-9 85-00-7	220-433-0 201-579-4	ex 2933 99 80	p(1)	b	
DPX KE 459 (flúipiorsulfúrón-meitil) (+)	150315-10-9 144740-54-5		ex 2935 90 90	p(1)	b	
Foirmlí indeannóide ina bhfuil meascán díobh seo a leanas:			ex 3808 99 90	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Beinimil ag 7 % nó os a chionn	17804-35-2	241-775-7	ex 2933 99 80			
Carbófúrán ag 10 % nó os a chionn	1563-66-2	216-353-0	ex 2932 99 00			
agus Tiaram ag 15 % nó os a chionn (#)	137-26-8	205-286-2	ex 2930 30 00			
Eimpeintrin (+)	54406-48-3	259-154-4	ex 2916 20 00	p(2)	b	
Eapocsaconasól (+)	135319-73-2	406-850-2	ex 2934 99 90	p(1)	b	

Eatalflurailin (+)	55283-68-6	259-564-3	ex 2921 43 00	p(1)	b	
Eitión	563-12-2	209-242-3	ex 2930 90 98	p(1)-p(2)	b-b	
Eataprófos (+)	13194-48-4	236-152-1	ex 2930 90 98	p(1)	b	
Eatocsasulfúrón (+)	126801-58-9		ex 2933 59 95	p(1)	b	
Eatocsacuin (+)	91-53-2	202-075-7	ex 2933 49 90	p(1)	b	
Ocsaíd eitiléine (Ocsaíorán) (#)	75-21-8	200-849-9	ex 2910 10 00	p(1)	b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Feanaimíodón (+)	161326-34-7		ex 2933 29 90	p(1)	b	
Feanaramol (+)	60168-88-9	262-095-7	ex 2933 59 95	p(1)	b	
Feanaimíofos (+)	22224-92-6	244-848-1	ex 2930 90 98	p(1)	b	
Ocsaíd feanbútaitine (+)	13356-08-6	236-407-7	ex 2931 90 00	p(1)	b	
Feinítritión (+)	122-14-5	204-524-2	ex 2920 19 00	p(1)	b	
Feanprópaitrin	39515-41-8	254-485-0	ex 2926 90 70	p(1)-p(2)	b-b	
Feintión (+)	55-38-9	200-231-9	ex 2930 90 98	p(1)	sr	
Aicéatáit feintine (+)	900-95-8	212-984-0	ex 2931 90 00	p(1)-p(2)	b-b	
Hiodrocsaíd feintine (+)	76-87-9	200-990-6	ex 2931 90 00	p(1)-p(2)	b-b	
Feanvailéaráit	51630-58-1	257-326-3	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Fearbam (+)	14484-64-1	238-484-2	ex 2930 20 00	p(1)-p(2)	b-b	
Fiprinil (+)	120068-37-3	424-610-5	ex 2933 19 90	p(1)	b	
Fluifeanocsúrón (+)	101463-69-8	417-680-3	ex 2924 21 00	p(1)-p(2)	b-sr	
Fluaraicéataimíd (#)	640-19-7	211-363-1	ex 2924 12 00	p(1)	b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Flúranól	467-69-6	207-397-1	ex 2918 19 98	p(1)-p(2)	b-b	
Flúrprimiodól (+)	56425-91-3		ex 2933 59 95	p(1)	b	
Flúrtamón (+)	96525-23-4		ex 2932 19 00	p(1)	b	
Fúraitiacarb	65907-30-4	265-974-3	ex 2932 99 00	p(1)-p(2)	b-b	

Glúfosanáit, lena n-áirítear amóiniam glúfosanáite (+)	51276-47-2 77182-82-2	257-102-5 278-636-5	ex 2931 49 90	p(1)	b	
Guasaitín (+)	108173-90-6 115044-19-4	236-855-3	ex 3808 99 90	p(1)-p(2)	b-b	
Heicseaclóireatán	67-72-1	200-666-4	ex 2903 19 00	i(1)	sr	
Heicsisíonón (+)	51235-04-2	257-074-4	ex 2933 69 80	p(1)-p(2)	b-b	
Imíodaclóiprid	138261-41-3	428-040-8	ex 2933 39 99	p(1)	sr	
Imionochtaidín	13516-27-3	236-855-3	ex 2925 29 00	p(1)-p(2)	b-b	
Aigéad iondóiliolaicéiteach (+)	87-51-4	201-748-2	ex 2933 99 80	p(1)	b	
Ipridé-ón (+)	36734-19-7	253-178-9	ex 2933 21 00	p(1)	b	
Iseaprótúrón (+)	34123-59-6	251-835-4	ex 2924 21 00	p(1)	b	
Iseacsaitión	18854-01-8	242-624-8	ex 2934 99 90	p(1)	b	
Luaidhe agus a comhdhúile	7439-92-1 598-63-0 1319-46-6 7446-14-2 7784-40-9 7758-97-6 1344-37-2 25808-74-6 13424-46-9 301-04-2 7446-27-7 15245-44-0 agus cinn eile	231-100-4 209-943-4 215-290-6 231-198-9 232-064-2 231-846-0 215-693-7 247-278-1 236-542-1 206-104-4 231-205-5 239-290-0 agus cinn eile	ex 7801 10 00, ex 7804 20 00 ex 2836 99 17 ex 3206 49 70 ex 2833 29 60 ex 2842 90 80 ex 2841 50 00 ex 3206 20 00 ex 2826 90 80 ex 2850 00 60 ex 2915 29 00 ex 2835 29 90, ex 3206 49 70 ex 2908 99 00	i(2)	sr	
Lionúrón (+)	330-55-2	206-356-5	ex 2928 00 90	p(1)	b	
Malaitian	121-75-5	204-497-7	ex 2930 90 98	p(2)	b	

Salainn hiodraisíde mailéiche seachas salainn choilín, photaisiam agus sóidiam	5716-15-4 42489-17-8 36518-59-9 65445-74-1 51137-11-2 agus cinn eile	227-213-3 255-849-1 253-082-7 265-780-9 agus cinn eile	ex 2933 99 80	p(1)	b	
Mancóiseib (+)	8018-01-7		ex 3808 92 30	p(1)	b	
Maineib (+)	12427-38-2	235-654-8	ex 3824 99 93	p(1)-p(2)	b-b	
Meiceapróp (+)	7085-19-0 93-65-2	230-386-8 202-264-4	ex 2918 99 90	p(1)	b	
Mearcair (+)	7439-97-6	231-106-7	ex 2805 40	i(1)-i(2)	sr-b	
Comhdhúile mearcair, lena n-áirítear comhdhúile neamh-orgánacha mearcair, comhdhúile mearcair ailcile agus comhdhúile mearcair ailciolocsailcile agus comhdhúile mearcair airile ach amháin comhdhúile mearcair a liostaítear in Iarscríbhinn V (#)	62-38-4, 26545-49-3 agus cinn eile	200-532-5, 247-783-7 agus cinn eile	ex 2852 10 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Meataimídeafos (#)	10265-92-6	233-606-0	ex 2930 80 00	p(1)	b	
Meitíodaitión	950-37-8	213-449-4	ex 2934 99 90	p(1)-p(2)	b-b	
Meitiacarb (+)	2032-65-7	217-991-2	ex 2930 90 98	p(1)	b	
Meitimil (+)	16752-77-5	240-815-0	ex 2930 90 98	p(1)-p(2)	b-b	
Bróimíd mheitile (+)	74-83-9	200-813-2	ex 2903 61 00	p(1)-p(2)	b-b	
Meitil-paraitión (+) (#)	298-00-0	206-050-1	ex 2920 11 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Meatocsúrón	19937-59-8	243-433-2	ex 2924 21 00	p(1)-p(2)	b-b	

Monacrótafos (#)	6923-22-4	230-042-7	ex 2924 12 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Monailionúrón	1746-81-2	217-129-5	ex 2928 00 90	p(1)	b	
Meatán monaimeitil-déchlóraidhéfheinile Trádainm: DBBT (+)	99688-47-8	402-210-1	ex 2903 99 80	i(1)	b	
Meatán monaimeitil-déchlóra-défheinile; Trádainm: Ugilec 121 nó Ugilec 21 (+)		400-140-6	ex 2903 99 80	i(1)-i(2)	b-b	
